



Dublin City Council  
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

# SCÉIM 2006-2009


Faoi réir Mhír 11 d'Acht na dTeangacha Oifigúla 2003

# SCHEME 2006-2009


Under Section 11, Official Languages Act 2003




# Struchtúr Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath



# Structure of Dublin City Council



## Naisc Cumarsáide le Bainisteoir Cúnta na Cathrach



## Communications Links with the Assistant City Manager



## Ábhar

### Caibidil 1

#### Intreoir agus Cúlra 4

- Ábhar na Scéime Teanga 4
- Dáta Tosach Feidhme na Scéime 5
- Forléargas ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 5
- Custaiméirí agus Cliant 6
- A mheasúnú a mhéad agus atá seirbhísí Gaeilge ar fáil cheana féin 7

### Caibidil 2

#### Seirbhísí/Gníomhaíochtaí Ginearálta Comhairle a Sholáthar 8

- Modheolaíocht agus Taighde in úsáid 8
- Modhanna Cumarsáide leis an bPobal 8
- Doiciméadacht Scríofa 9
- Cumarsáid Bhéil 10

### Caibidil 3

#### Achoimre ar Sheirbhísí/Gníomhaíochtaí a sholáthraíonn Rannóga 12

- Intreoir 12
- Teanga Oibre i nGach Rannóg 12
- Rannóga ag Obair trí Ghaeilge 12
- Rannóga a bhfuil de chuspóir tosaíochta acu seirbhísí mhéadaithe i nGaeilge a sholáthar 13
- Rannóga a sholáthraíonn seirbhísí trí Bhéarla amháin 16

### Caibidil 4

#### Seirbhísí atá le Soláthar go Dátheangach a Mhéadú 20

- Polasaí Ginearálta 20
- Aonad Seirbhísí Custaiméirí 20
- Teicneolaíocht an Eolais 20
- Oiliúint & Forbairt 22

### Caibidil 5

#### Monatóireacht a dhéanamh ar Scéim Chomhaontaithe, í a Athbhreithniú agus a Fhoilsiú 24

- Monatóireacht & Athbhreithniú 24
- Scéim Chomhaontaithe a Fhoilsiú 24

## Contents

### Chapter 1

#### Introduction and Background 4

- Content of the Language Scheme 4
- Commencement Date of Scheme 5
- Overview of Dublin City Council 5
- Customers and Clients 6
- Assessment of the extent to which services are already available through Irish 7

### Chapter 2

#### Provision of General Council Services/Activities 8

- Methodology and Research undertaken 8
- Means of Communication with the Public 8
- Written Documentation 9
- Oral Communication 10

### Chapter 3

#### Summary of Services/Activities provided by Sections 12

- Introduction 12
- Operating Language of Each Section 12
- Sections Working in Irish 12
- Sections prioritized to provide an enhanced service through Irish 13
- Sections Providing an English language only Service 16

### Chapter 4

#### Enhancement of Services to be Provided Bilingually 20

- General Policy 20
- Customer Services Centre 20
- Information Technology 20
- Training & Development 22

### Chapter 5

#### Monitoring, Revision & Publicising of Agreed Scheme 24

- Monitoring & Revision 24
- Publicising of Agreed Scheme 24

## Caibidil 1 Intreoir agus Cúlra

Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a d'ullmhaigh an scéim seo faoi réir Mhír 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Tá foráil i Mír 11 maidir le comhlacht poiblí scéim reachtúil a ullmhú ina sonrú na seirbhísí a bheartóidh sé a sholáthar:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon.

Tá na bearta leagtha amach sa scéim seo a chuirfear i gcrích maidir le cén seirbhísí a sholáthrófar trí mheán na Gaeilge laistigh de chlár ama pleanáilte.

### 1.2 Ábhar na Scéime Teanga

Is iad an tAonad Forbartha Gaeilge agus Bainisteoirí Sinsearacha sa Roinn Seirbhísí Corparáideacha a dhréachtaigh an Scéim seo. Cuireann an scéim "le Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge 1999/2003" de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is é rud a chabhraigh meitheal oibre inmheánach de chuid na Straitéisithe Cumarsáide leis an tionscadal seo, meitheal ina raibh ionadaithe ag feidhmiú thar cearn bainisteoirí sinsearacha.

Is iad bainisteoirí sinsearacha de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheidh freagrach as an scéim a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh uirthi agus í a athbhreithniú.

Is amhlaidh a bheidh an scéim ina chéad céim le cur leis na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil i láthair na huaire.

## Chapter 1 Introduction and Background

This scheme was prepared under Section 11 of the Official Languages Act 2003 by Dublin City Council. Section 11 provides for the preparation by a public body of a statutory scheme specifying the services it proposes to provide:

- through the medium of Irish,
- through the medium of English, and
- through the medium of both Irish and English.

This scheme sets out the measures to be adopted in relation to which services will be provided through the medium of Irish, within a planned timeframe.

### 1.2 Content of the Language Scheme

The Irish Development Unit and Senior Management in the Corporate Services Department drafted this Scheme. The scheme builds on Dublin City Council's "Action Plan for the Irish Language 1999/2003". The Communications Strategists internal working group consisting of representatives of senior management assisted in this project.

Responsibility for ensuring implementation, as well as monitoring and reviewing the scheme will rest with senior management within Dublin City Council.

The scheme builds on the extent to which services are currently available through Irish as a starting base.

### 1.3 Dáta Tosach Feidhme na Scéime 13 Iúil 2006

Cheadaigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an scéim seo. Beidh tosach feidhme leis an scéim seo le héifeacht ó 13 Iúil 2006 agus beidh sí i bhfeidhm go ceann tréimhse trí bliana ón dáta seo nó go dtí go gceadóidh an tAire scéim nua de bhun Mhír 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla cibé acu is luaithe.

### 1.4 Forléargas ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gach dícheall a ról ceannaireachta a imirt agus a sainúdarás daonlathach a chomhlíonadh ina bhfuil aird ar leith aici ar na croíphrionsabail seo a leanas:

- Cuimsiú Sóisialta
- Inmharthanacht
- Caighdeán Beatha

#### **Ár misean:**

Príomhchathair bhríomhar, tharraingteach, shábháilte a chothú i dtimpeallacht inbhuanaithe agus béim láidir ar dhaoine inti; timpeallacht fhisiceach, shóisialta, chultúrtha eacnamaíochta na cathrach a fheabhsú agus a chur chun cinn faoi threoir éifeachtach lucht ceannais na cathrach agus gach saoránach a bheith rannpháirteach go daonlathach san obair sin.

### 1.3 Commencement Date of Scheme – 13 July 2006

The Minister for Community, Rural & Gaeltacht Affairs, has confirmed this scheme. The scheme is commenced with effect from the 13 July 2006 and shall remain in force for a period of 3 years from this date or until a new scheme has been confirmed by the Minister pursuant to Section 15 of the Official Languages Act, whichever is earlier.

### 1.4 Overview of Dublin City Council

Dublin City Council seeks to fulfill its leadership role and democratic mandate having due regard to the following core principles:

- Social Inclusion
- Sustainability
- Quality of Life

#### **Our mission:**

To foster a vibrant, attractive, safe and environmentally sustainable capital City with a strong human focus, to advance and promote the physical, social, cultural and economic environment of the City, through effective civic leadership and the active democratic participation of our citizens.

Is ilchineálach na seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath atá le rangú faoi theidil éagsúla ach is fearr achoimre a dhéanamh orthu de réir theidil na sé Coiste um Beartais Straitéiseacha seo:

- Gnóthaí Tithíochta, Sóisialta & Pobail
- Forbairt Eacnamaíochta, Pleanáil agus Gnóthaí Eorpacha
- Comhshaol agus Innealtóireacht
- Iompar agus Trácht
- Gnóthaí Ealaíon, Cultúir, Fóillíochta agus Óige
- Forbairt Airgeadais agus Gnóthaí Ginearálta

Ullmhaíodh Plean Corparáideach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2005-2009 i ndiaidh beart comhairliúcháin a rinneadh ar bhonn forleathan, lena n-áiríodh plé le gach uile ghrúpa agus pháirtí leasmhar sa Chathair agus agallamh a chur orthu. Ghlac an Chomhairle Cathrach leis an bplean seo in Eanáir 2005 ina bhfuil cuspóirí agus straitéisí leagtha amach don Chomhairle ar feadh na tréimhse suas go dtí na chéad toghcháin áitiúla eile in 2009.

### **1.5 Custaiméirí agus Cliaint**

Is é Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an t-údarás áitiúil is mó sa tír agus is í an Chomhairle atá freagrach as réimse mór de sheirbhísí ilghnéitheacha do chustaiméirí iléagsúla. Soláthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath seirbhísí do dhaonra ina bhfuil amuigh agus istigh ar 500,000 agus a chuimsíonn limistéar de 115 ciliméadar cearnógach. Cuirfear na seirbhísí seo ar fáil go díreach don phobal nó cuirfear ar fáil iad trí shocruithe a bheith déanta le heagraíochtaí eile na hearnála poiblí nó príobháidí chun iad sin a sholáthar. Imríonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ról ionadaíoch agus oibríochtúil thar ceann gach uile pháirtí leasmhar den Chathair, lena n-áirítear iad seo a leanas:

Dublin City Council provides a multiplicity of services which fall under a variety of headings which are best summed up by the six Strategic Policy Committees headings:

- Housing, Social & Community Affairs
- Economic Development, Planning and European Affairs
- Environment and Engineering
- Transportation and Traffic
- Arts, Culture, Leisure and Youth Affairs
- Financial Development and General

The Dublin City Council Corporate Plan 2005-2009 was prepared following an extensive process of consultation, which involved discussions and interviews drawn from all interests and stakeholders in the City. This plan was adopted by the City Council in January 2005 and sets out objectives and strategies for the Council for the period up to the next local elections in 2009.

### **1.5 Customers and Clients**

Dublin City Council is the largest local authority in the country and has responsibility for delivering a wide and complex range of services to a diverse customer base. Dublin City Council provides services for a population of approximately 500,000 spread over an area of 115 square kilometers. These services are provided either directly to the public or through arrangements made for their provision with other public or private sector organisations. Dublin City Council performs both a representational and an operational role on behalf of all stakeholders in the City. These include:

- Cónaitheoirí,
- Páirtithe leasmhara ón earnáil ghnó
- Ionadaithe tofa agus baill foirne na Comhairle
- Eagraíochtaí pobail
- Gníomhaireachtaí Rialtais agus stát tionscanta.

### **1.6 A mheasúnú a mhéad agus atá seirbhísí i nGaeilge ar fáil cheana féin**

Is é is príomhchuspóir don Acht go gcinnteofar go gcuirfear níos mó seirbhísí poiblí i nGaeilge ar fáil agus go bhfuil siad ar chaighdeán níos airde.

Is amhlaidh a chuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath seirbhísí áirithe trí Ghaeilge agus trí Bhéarla ar fáil cheana féin. Is é rud a dhearbhaíonn Cairt Custaiméirí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath seo a leanas: Déanaimid gach iarracht freastal ar chustaiméirí uile dár gcuid a dteastaíonn uathu a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge, tríd an Teanga Chomharthaíochta nó trí theangacha eile de réir mar is féidir sin.

- Residents,
- Business interests
- Elected representatives and staff of the Council
- Community organisations
- Government and semi-state agencies.

### **1.6 Assessment of the extent to which services are already available through Irish**

The primary objective of the Act is to ensure better availability and a higher standard of public services through Irish.

Dublin City Council already provides certain services through Irish and English. Dublin City Council's Customer Charter states: We endeavour to accommodate all our customers who wish to conduct their business through the medium of Irish, Sign Language or other languages where possible.

## Caibidil 2

### Seirbhísí/Gníomhaíochtaí Ginearálta Comhairle a Sholáthar

#### 2.1 Modheolaíocht agus Taighde in Úsáid

Maidir leis an Scém seo a ullmhú:

- (i) D'iarr Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aighneachtaí ar an bpobal i leith dréachtscéim a ullmhú
- (ii) Rinne an Chomhairle iniúchóireacht inmheánach ar sheirbhísí Gaeilge a bhíonn gach rannóg a chur ar fáil nó ar sheirbhísí Gaeilge is féidir leo a chur ar fáil.
- (iii) Rinne an Chomhairle suirbhé ar bhaill foirne lena fháil amach cá mhéad ball foirne atá ábalta cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge agus cad é an leibhéal Gaeilge atá acu agus cad iad na riachtanais atá ann maidir le baill foirne a oiliúint amach anseo.

Fuair Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath líon iomlán de 7 n-aighneacht ón bpobal le linn an beart comhairliúcháin a bheith ar siúl.

#### 2.2 Modhanna Cumarsáide leis an bPobal

Is amhlaidh is mó i mBéarla a dhéantar cumarsáid leis an bpobal. Maidir le seirbhísí a sholáthar, is é rud a chuirtear formhór na modhanna cumarsáide de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath leis an ngnáthphobal ar fáil i mBéarla. Déantar sciar áirithe de chumarsáid scríofa na Comhairle i nGaeilge agus i mBéarla nó go dátheangach in aon fhoilseachán amháin, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Foirmeacha Iarratais
- Bileoga agus Bróisiúir Eolais Phoiblí
- Foilseacháin
- Suíomh Idirlín
- Cuirí
- Ábhar clóite eile

## Chapter 2

### Provision of General Council Services/Activities

#### 2.1 Methodology and Research undertaken

In the preparation of this Scheme, Dublin City Council:

- (i) Invited submissions from the public on the preparation of a draft scheme.
- (ii) Conducted an internal audit of services provided/capable of being provided through Irish by each section.
- (iii) Conducted a survey of staff to ascertain current levels and numbers of staff with communication skills in Irish and the future upskilling needs of staff.

Dublin City Council received a total of 7 submissions from the public during the consultation process.

#### 2.2 Means of Communication with the Public

Communication with the public is done mainly through English. Most of Dublin City Council's methods of communication with the general public in terms of service provision are currently made available in English. A certain amount of written communication is made through Irish and English or bilingually within the one cover, including:

- Application Forms
- Public Information Leaflets and Brochures
- Publications
- Website
- Invitations
- Other printed material

## 2.3 Doiciméadacht Scríofa

Is é an polasaí atá ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go gcuirfear na seirbhísí seo a leanas ar fáil go dátheangach trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla ar fud ranna uile Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le linn an scéim seo a bheith i bhfeidhm:

### Foirmeacha Iarratais:

Nuair a fhoilseofar na foirmeacha iarratais nua uile agus aon bhileoga eolais a ghabhann leo, beidh siad go hiomlán dátheangach in aon fhoilseachán amháin nó ina leaganacha scartha Gaeilge agus Béarla.

Foirmeacha iarratais atá le fáil i láthair na huaire nó aon bhileoga eolais a ghabhann leo, beidh siad go hiomlán dátheangach in aon fhoilseachán amháin nó ina leaganacha scartha Gaeilge agus Béarla.

Foirmeacha iarratais áirithe is mó agus is mionsonraithe mar aon leis na bileoga eolais a ghabhann leo, cuirfear iad sin ar fáil ar leithligh i nGaeilge agus i mBéarla.

### Bileoga agus Bróisiúir Eolais Phoiblí:

Beidh Bileoga agus Bróisiúir Eolais Phoiblí go hiomlán dátheangach. Tá Cód Iompair agus Cairt Custaiméirí de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

### Foilseacháin:

Cuirfear Pleananna Corparáideacha go hiomlán dátheangach ar fáil.

## 2.3 Written Documentation

It is Dublin City Council's policy that the following services will be provided bilingually through the medium of Irish and English, across all departments of Dublin City Council during the lifetime of this scheme:

### Application Forms:

All new application forms and any accompanying information leaflets produced shall be fully bilingual within the one cover or as separate Irish and English versions.

Existing applications forms and any accompanying information leaflets shall be fully bilingual within the one cover or as separate Irish and English versions.

Certain larger, more detailed application forms with information leaflets shall be separately available in Irish and in English.

### Public Information Leaflets and Brochures:

Public Information Leaflets and Brochures shall be fully bilingual within the one cover or as separate Irish and English versions. Dublin City Council's Code of Conduct and Customer Charter are available in both Irish and English.

### Publications:

Corporate Plans shall be available fully bilingual.

### **Suíomh Idirlín:**

Chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sé mol-leathanaigh ar a suíomh idirlín ([www.dublincity.ie](http://www.dublincity.ie) agus [www.baileathacliath.ie](http://www.baileathacliath.ie)) in áirithe do mhíreanna i nGaeilge. Tá sé beartaithe ábhar na leathanach seo a mhéadú faoi 100% le linn an Scéim a bheith i bhfeidhm. Doiciméid polasaithe, preaseisiúintí agus eolas ginearálta don phobal a bheidh i measc an ábhair seo.

### **Preasráitis:**

Cuirfear 25% de Phreasráitis amach i nGaeilge agus i mBéarla nó go dátheangach in aon fhoilseachán amháin agus scaipfear iad chuig na meáin Ghaeilge agus Bhéarla go comhuaineach le linn an Scéim a bheith i bhfeidhm.

## **2.4 Cumarsáid Bhéil**

Is minic a bhíonn Aonad Seirbhísí Custaiméirí agus Oifigí Mótarchánach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar aon le Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath ag plé leis an bpobal ar bhonn duine le duine. Tá Ionad Teagmhála le haghaidh cuairteoirí a thagann isteach go hOifigí na Cathrach agus Ionad Glaonna le haghaidh daoine a ghlaonn ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath suite san Aonad Seirbhísí Custaiméirí. Is é is ról don Ionad Teagmhála go soláthrófar de réir a chéile ionad aonair laistigh den ollionad áit ar féidir le custaiméirí a ngnó a dhéanamh leis an gComhairle Cathrach. Bíonn Gníomhairí sainoilte Seirbhísí Custaiméirí ag déileáil le formhór ghnó na Comhairle gan riachtanas a bheith orthu leis an gcustaiméir a chur ar aghaidh i dteagmháil le Roinn ar leith.

Roimh dheireadh na scéime reatha cuirfear cleachtas Scothsheirbhíse Caighdeánta Custaiméirí (QCS) i gcrích sna réimsí seo a leanas:

- Beidh fáilteoirí/teileafónaithe in ann ainm an Údaráis Áitiúil a thabhairt i nGaeilge,

### **Website:**

Dublin City Council has dedicated six hub pages on its website ([www.dublincity.ie](http://www.dublincity.ie) and [www.baileathacliath.ie](http://www.baileathacliath.ie)) to items in Irish. It is intended to increase the content on these pages by 100% during the lifetime of the Scheme. Content will include policy documents, press releases and general information of public interest.

### **Press releases:**

25% of Press releases will be produced in Irish and English or bilingually within the one cover and circulated to the Irish language and English language media simultaneously, within the lifetime of the Scheme.

## **2.4 Oral Communication**

Dublin City Council's Customer Service Centre, Motor Tax Offices and Dublin City Public Libraries have a significant level of one-to-one communication with the public. The Customer Services Centre has a Contact Centre for customers calling to Civic Offices and a Call Centre to deal with all phone contact to Dublin City Council. The role of the Contact Centre in Civic Offices is to provide on a phased basis, a single location within the complex where customers can transact business with the City Council. Specially trained Customer Service Agents deal with most elements of Council business without the need to refer the customer onwards to a specific Department.

By the end of the current scheme Standard Quality Customer Service (QCS) practice will apply in these areas:

- reception/switchboard staff are able to give the name of the Local Authority in Irish,

- Beidh 50% den fhoireann fáilte riaracháin/ den fhoireann ionad glaonna eolach ar bheannachtaí simplí Gaeilge
- agus beidh socruithe oiriúnacha i bhfeidhm le go mbeidh siad in ann baill an phobail a chur i dteagmháil gan mhoill leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís Ghaeilge a chur ar fáil de réir mar atá sin féin ar fáil.

Cuirfidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath urlabhraithe ar fáil le hagallaimh a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge nuair is cuí sin.

- 50% of administrative reception staff / call centre staff shall be familiar with the basic greetings in Irish
- and suitable arrangements are in place so that they can put members of the public in touch, without delay, with the office or officer responsible for offering the service required through Irish, where available.

Dublin City Council will make spokespersons available to give interviews to the Irish language media where appropriate.

## Caibidil 3

# Achoimre ar Sheirbhísí/ Ghníomhaíochtaí a chuireann Rannóga ar fáil

### 3.1 Intreoir

Tá achoimre sa Chaibidil seo ar na gníomhaíochtaí agus ar an tseirbhís is mó a chuireann na rannóga agus na haonaid éagsúla de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar fáil.

### 3.2 Teanga Oibre i nGach Rannóg

Is é an Béarla an teanga oibre atá in úsáid i ngach rannóg/aonad de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gan An tAonad Forbartha Gaeilge a áireamh.

#### 3.2.1 Rannóga a bhíonn ag obair i nGaeilge

##### **An tAonad Forbartha Gaeilge, an Roinn Seirbhísí Corparáideacha**

Bíonn na hOifigigh Forbartha Gaeilge de chuid an Aonaid Forbartha Gaeilge ag feidhmiú trí Ghaeilge agus cuireann siad gach seirbhís ar fáil trí Ghaeilge seachas nuair a iarrann an custaiméir/an cliant, ach go háirithe, orthu a mhacasamhail de sheirbhís a chur ar fáil dóibh i mBéarla.

##### **Rannóg Chlárú na dTogthóirí, Roinn Bhainisteoir na Cathrach**

Tá an rannóg seo freagrach as clár toghthóirí a chur i dtoll a chéile. Tá gach foirm iarratais, gach cumarsáid scríofa agus gach cumarsáid bhéil ar fáil i nGaeilge i láthair na huairé agus beidh sin amhlaidh le linn an scéim seo a bheith i bhfeidhm.

## Chapter 3

# Summary of Services/Activities provided by Sections

### 3.1 Introduction

This chapter outlines the main activities/service provided by the numerous sections and units within Dublin City Council.

### 3.2 Operating Language of Each Section

English is the working language used in all sections/units of Dublin City Council with the exception of An t-Aonad Forbartha Gaeilge (Irish Development Unit).

#### 3.2.1 Sections Working in Irish

##### **An tAonad Forbartha Gaeilge, Corporate Services Department**

The Irish Development Officers in the Aonad Forbartha Gaeilge (Irish Development Unit) work through the Irish language and provide all services through the medium of Irish, except where the customer/client specifically requests such a service be provided to them in the English language.

##### **Franchise Section, City Manager's Department**

This section is responsible for the production of the register of electors. All applications forms, written and oral communication is currently available through Irish and will for be for the duration of the lifetime of this scheme.

### 3.2.2 Rannóga a bhfuil de chuspóir tosaíochta acu seirbhís mhéadaithe a sholáthar i nGaeilge

Is minic a bhíonn **an tAonad Seirbhísí Custaiméirí, Oifigí na Mótarchánach agus Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath** ag plé leis an bpobal ar bhonn duine le duine. Is féidir líon áirithe seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla cheana féin sna háiteanna seo ach baineann na seirbhísí seo go príomha leis an teanga scríofa. Sainaithníodh na hionaid seo ina réimsí tosaíochta maidir le hoiliúint teanga agus feacht teanga a sholáthar do bhaill foirne (féach pointe 4.4 Oiliúint & Forbairt). Tá feidhmeanna agus gníomhaíochtaí na Rannóg thuasluaite leagtha amach mar seo a leanas:

#### **An tAonad Seirbhísí Custaiméirí, An Bunurlár, Bloc 3, Oifigí na Cathrach:**

Bainfidh an tAonad Seirbhísí Custaiméirí úsáid as Bainistíocht Caidrimh Chustaiméirí, as Bainistíocht Eolais agus Ardteicneolaíocht Teileafóin chun ionad aonair a chur ar fáil de réir a chéile laistigh den ollionad áit ar féidir le custaiméirí gach uile ghnó dá gcuid a dhéanamh leis an gComhairle Cathrach. Beidh Gníomhairí sainoilte Seirbhísí Custaiméirí atá lonnaithe ann ábalta déileáil le formhór ghnó na Comhairle gan riachtanas a bheith orthu leis an gcustaiméir a chur ar aghaidh i dteagmháil le Roinn ar leith, lena n-áirítear na seirbhísí seo:

- Ceadúnais Tacsaí/Fruilchairr/Limisín a eisiúint
  - Dátheangach
- Ceadanna Páirceála do Chónaitheoirí a Eisiúint
  - Litir i mBéarla, tá an Diosca Ceada Dátheangach
- Oifig Phoiblí an Airgid de chuid na Roinne Innealtóireachta, Bóithre & Tráchtá, Comhshaoil agus Cultúir, agus na Roinne Tithíochta & Pobail
  - Seirbhís i mBéarla amháin go dtí go gcuirfear an oiliúint chuí ar fáil (féach

### 3.2.2 Sections prioritised to provide an enhanced service through Irish

The **Customer Service Centre, Motor Tax Offices and Dublin City Public Libraries** have a significant level of one-to-one communication with the public. These areas can already provide a certain level of services in Irish and English, however this is mainly pertaining to the written language. These locations have been identified as the priority areas for upskilling of staff in language training and language awareness (see point 4.4 Training & Development). The following sets out the functions/activities of the Sections referred to above:

#### **Customer Services Centre, Ground Floor, Block 3, Civic Offices:**

Using Customer Relationship Management, Knowledge management and advanced Telephone Technology, the Customer Services Centre will provide, on a phased basis, a single location within the complex where customers can carry out any and all business with the City Council. Specially trained Customer Service Agents located there will be able to deal with most elements of Council business without the need to refer the customer onwards to a specific department. Services included are:

- Issue of Taxi/Hackney/Limousine Licences
  - Bilingual
- Issue of Residential Parking Permits
  - Letter in English, Permit disc is Bilingual
- Public Cash Office for Engineering, Roads & Traffic, Environment & Culture and Housing & Community Departments
  - English service only pending training (see point 4.4 Training & Development)

- pointe 4.4 Oiliúint & Forbairt)
- Lipéid Eora-Araidí agus Lipéid Málaí Dramhaíola Tí a Dhíol
    - Dátheangach
  - Baill foirne a chur ar dualgas ar 2 Dheasc Fáilte ag Bealach Isteach Shráid Sheamlas an Éisc agus ag an Aonad Seirbhísí Custaiméirí
    - Seirbhís i mBéarla amháin go dtí go gcuirfear an oiliúint chuí ar fáil (féach pointe 4.4 Oiliúint & Forbairt)

### **Ionad Glaonna na Seirbhísí Custaiméirí**

- Soláthraíonn Ionad Glaonna na Seirbhísí Custaiméirí seirbhís den chineál céanna agus mar a chuireann an tAonad Seirbhísí Custaiméirí ar fáil do chustaiméirí a roghnaíonn dul i dteagmháil linn ar an teileafón. Is féidir leis an bhfoireann ansin a bhaineann úsáid as an teicneolaíocht chéanna agus mar atá san Ionad Teagmhála an tseirbhís iomlán a sholáthar do chustaiméirí maidir le cuid mhór gnéithe d'fheidhmeanna na Comhairle. Déanfar cumarsáid bhéil leis an rannóg i mBéarla amháin go dtí go gcuirfear oiliúint foirne ar fáil (féach pointe 4.4 Oiliúint & Forbairt)

Uimhir Theagmhála Phríomhúil: 01 222 2222.

### **Oifigí Mótarchánach:**

Eisíonn an Oifig Mótarchánach na nithe seo a leanas:

- dioscaí cánach
- ceadúnais tiomána
- deimhnithe ar Ródacmhainneacht
- athruithe Úinéireachta
- aisíocaíochtaí agus deimhnithe úinéireachta

Tá gach foirm iarratais ábhartha i nGaeilge agus i mBéarla araon chun na bearta gnó sin a dhéanamh le fáil gan dua i ngach oifig.

- Selling of Eurobin and Domestic Bag Household Waste Labels - Bilingual
